

Dáta	Leibhéal ranga Rang a Cúig agus Rang a Sé	Ábhar Béarla
<b>Snáithe</b> Léitheoireacht	<b>Snáithaonad</b> Glacacht le teanga. Inniúlacht agus muinín agus teanga á húsáid. Cumais chognaíocha a fhorbairt trí theanga. Forbairt mhothúcháin agus samhlaíochta trí theanga.	
<b>Teideal</b> Bruscar na Mara - Cad atá sa Nuacht		
<b>Cuspóir(i)</b> Is é aidhm an phlean ceachta ná go bpléifidh na leanaí spéiseanna nua agus dearchtaí nua ach léamh faoin tionchar atá ag bruscar na mara. Leanfaidh na daltaí ar aghaidh ag forbairt raon straitéisí tuisceana chun déileáil le hábhair léitheoireachta insinte, léiritheacha agus ionadaíocha.		
<b>Scileanna atá Riachtanach</b> Léitheoireacht; Éisteacht; Tuiscint; Samhlaíocht, Cruthaitheacht agus Muinín a Fhorbairt agus teanga bhéil á húsáid; Scríbhneoireacht; Litriú; Gramadach; Dréachtú; Athbhreithniú agus eagarthóireacht; Aird, Cuimhne, Loighic agus Réasúnaíocht, Próiseáil Éisteachta, Próiseáil Amhairc agus Luas Próiseála.		
<b>Cuspóirí foghlama</b>  Cuirfear ar chumas an linbh:  Téacs neamhfhicsin bunaithe ar théama bhruscar na mara a léamh.  Na cúig cheannteideal ‘W’ agus an ceannteideal ‘H’ de na hailt nuachtáin a shainaithint.  Ailt ó roinnt foilseacháin éagsúla a anailísiú agus a chur i gcomparáid.  Spriocphobail na nuachtán a shainaithint.	<b>Gníomhaíochtaí foghlama</b>  <b>Labhairt agus Plé:</b> Bíodh roinnt ailt nuachtáin atá bunaithe ar théama mara agat.  <i>Cé go bhfuil roinnt ailt ceangailte leis an bplean ceachta seo, tabhair faoi deara go mbíonn ailt nuachta ag athrú go seasta.</i>  <i>D’fhonn cuardach a dhéanamh ar ábhar cothrom le dáta i do limistéir, mholfaimis duit cuardach a dhéanamh ar ainm do nuachtán áitiúil móide na téarmaí ‘marine litter’ (‘bruscar na mara’) nó ‘marine pollution’ (‘truailliú na mara’) nó ‘marine debris’ (‘smionagar na mara’).</i> <i>D’aimsíomar ailt mhaithe ach úsáid a bhaint as gach ceann de na cuardaigh Idirlín thíos:</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>- Irish Times + marine litter (bruscar na mara)</li> <li>- Irish Independent + marine litter (bruscar na mara)</li> <li>- Irish Examiner + marine litter</li> </ul>	

	<p>(bruscar na mara) - Marine litter (bruscar na mara) ar an suíomh Gréasáin Journal.ie</p> <p>Iarr ar na leanaí na hailt a léamh agus a chur i gcomparáid i ngníomhaíocht léitheoireachta i mbeirteanna. D'fhéadfadh an múinteoir na hailt a léamh do na daltaí sa chás go bhfuil sé/sí den tuairim go bhfuil siad ródhoiligh dá scileanna tuisceana.</p> <p>Sainaithin na leanaí na ceisteanna cé, céard, cén fáth, cén áit, cén uair agus conas de na hailt nuachtáin ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí.</p> <p>Freagraíonn na leanaí ceisteanna ansin bunaithe ar an gcomparáid a dhéanann siad:</p> <p>An bhfuil difríochtaí idir na scéalta? An bhfuil nuachtán amháin claonta nó an bhfuil sé i bhfabhar taobh amháin? An bhfuil níos mó pictiúr ag nuachtán amháin? An scríobhann aon nuachtán níos mó faoin ábhar ná nuachtáin eile? An bhfuil an t-alt ar an leathanach tosaigh i gceann ar bith de na nuachtáin?</p> <p>Tá roinnt ama le smaoineamh ina n-aonar ag na daltaí chun breithniú a dhéanamh ar na spriocphobail éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag nuachtáin dhifriúla.</p>
	<p><b>Acmhainní</b></p> <p>Ailt nuachtáin ar Bhruscar na Mara (tá trí cinn faoi iamh ag deireadh an phlean ceachta seo)</p>
<p><b>Difreáil</b> Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a</p>	

thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.

### **Measúnú**

Breathnú agus Ceistiú ag an Múinteoir.

### **Nascadh agus Comhtháthú**

Eolaíocht: Pléann na daltaí an tionchar a bhíonn ag bruscar na mara agus ag truailliú na mara ar dhúile beo.

Tíreolaíocht: Iarr ar na daltaí na háiteanna a luaitear sna hailt nuachta a aimsiú in atlas nó ar chruinneog.

OSPS: Forbraíonn na daltaí tuiscint ar an dóigh a dtéann an t-ábhar seo i bhfeidhm ar dhaoine agus ar dhúile beo eile san imshaol.

Teanga Bhéil: Iarr ar na daltaí fíric amháin ón alt a mheas siad a bheith spéisiúil a rá leis an rang.

### **Alt Uimhir 1:**

#### **Tugann eolaíocht saoránach agus cumhacht tomhaltóirí faoin gcósta Arna scríobh ag: Lorna Siggins don Irish Times an 4 Aibreán 2014**

B'fhéidir nach gceapfá gur róthocsaineach atá éadach sintéiseach, scamhóirí craicinn agus taos fiacla ach is nimheanna marfacha iad don lugach nó don diúilicín scagbheathaitheach.

Is iad cáithníní bídeacha plaistigh, ar a dtugtar micreachoirníní, a úsáidtear chun iad a dhéanamh is cúis le mórdhochar don mhuirthimpeallacht agus don bhiashlabhra gaolmhar.

“Cén fáth a bhfuilimid ag iarraidh sinn féin a sciúradh le piosaí beaga plaistigh ar aon nós?” Sin í an cheist a chuir an tOll. [Richard Thompson](#) ó Ollscoil Plymouth sa Bhreatain ag comhthionól i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo, de réir mar a scaip sé sampla a baineadh de thobán cosmaide 500 ml. Cnuasaíonn na cáithníní méideanna móra truailléan, a bhfuil cosc curtha ar an-chuid díobh.

Mar a luaigh sé, is beag eolais, más ann, atá ag na comhlachtaí áitiúla a athchúrsálann buidéal phlaisteacha uisce óil agus dramhaíl eile tí ar thoiliú leathan sa tionscal domhanda micreaphlaisteach. I dtaighde idirnáisiúnta ar chomhoibrigh Thompson leis, aimsíodh go n-astaítear breis agus 1,900 snáithín síos an draein gach uair a nitear ball éadaigh poileistir.

#### **Doiligh le glacadh**

Féadann “innealtóirí éiceolaíochta” taismeacha amhail péisteanna líne chladaigh a bheith ar na chéad dúile a dtéann na micreaphlaistigh sna snáithíní sin i bhfeidhm orthu toisc gur féidir le cáithníní ionghafa a gcóras díleáite a chalcadh.

Féadann ionaid chóireála camrais suas go dtí 50 faoin gcéad de na cáithníní i dtáirgí cosmaide a ghabháil, dar leis an Oll. Thompson. Mar sin féin, ligtear an 50 faoin gcéad eile isteach inár n-aibhneacha agus inár n-aigéin agus tá gach seans ann go ligfear ar ais é isteach inár mbiashlabhra.

Is é an rud is measa fós, dar le Thompson, ná go mbaintear úsáid as 8 faoin gcéad de tháirgeadh ola an domhain chun na táirgí sin agus táirgí plaisteacha eile a dhéanamh. Dá réir sin, cuimsíonn plaisteach thart ar 80 faoin gcéad de bhruscar na mara ar fad, rud is cúis le baol tromchúiseach do thart ar 600 speiceas.

Mar sin féin, is cás casta é mar go bhfadaíonn plaisteach seilfré bia agus is fearr roinnt cineálacha ná cineálacha eile nuair atáthar ag déanamh amhlaidh. D’inis sé é sin do chomhrannpháirtithe ag [Marlisco](#), a bhí ar an gcéad cheann de shraith seimineár ar fud an AE ar bhruscar na mara ar a ndearna an Lárionad Taighde Cósta agus Mara sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh (UCC), óstáil i mBaile Átha Cliath.

Ba éard a bhí i gceist le Marlisco, a d’éascaigh Seán Moncrieff, láithreoir raidió Newstalk, ná ionadaithe do ghníomhaireachtaí Stáit, do chuideachtaí príobháideacha agus d’eagraíochtaí neamhrialtasacha mar aon le 15 ghrúpa satailíte ó áiteanna lena n-áirítear Ciarraí, Sligeach agus Port Mearnóg, Baile Átha Cliath thuaidh, ag glacadh páir ar nasc beoshrutha.

Rud a bhí éifeachtach chun an scéal a mhíniú ba ea beochan ghearr a rinne [Jane Lee](#) agus an Dr [Tom Doyle](#) ó UCC. Sa bheochan, shíl turtar gur smugairle róin é balún linbh, nimhíodh faoileáin agus sicíní agus tachtadh gainéid le spruadar agus le téada.

I ngrianghraf d’albatras marbh ó Oileán Midway san Aigéan Ciúin thuaidh, léiríodh go raibh a ghoile lán de dhramhaíl.

Rinne Thompson, ar saineolaí aitheanta ar fud an domhain ar bhruscar na mara é, [Jim Thompson](#) ó Plastic Recyclers Europe, Annabel FitzGerald, bainisteoir clár cósta An Taisce, agus [Patrick Chan](#), cigire de chuid na [Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil](#), rinne siad teorú ar dhíospóireacht bheoga ar bhearta praiticiúla agus cuireadh ráta ratha Repak maidir le hathghabháil agus le hathchúrsáil in iúl dóibh. Thaispeáin daltaí na hIdirbhliana ar Choláiste Dún Iascaigh sa Chathair, Co. Thiobraid Árann, a gclár faisnéise dar teideal Fish for Thought.

Ba iad seo na moltaí ba mhó éileamh a roghnaíodh: “tobhach plaistigh”, scéim chun éarlaisí buidéil phlaistigh a aisíoc, “cumhacht chrá” dhearfach i measc na n-óg, sonraíocht táirge níos soiléire, iascaireacht a dhéanamh ar bhruscar agus cosc ar mhicreachoirníní plaisteacha. Cuirfear ar aghaidh iad chun na hEorpa.

Creideann Doyle, a chomhordaigh an chomhdháil, go mór sa luach a bhaineann le “heolaíocht saoránach” agus luaigh sé gur fíor go bhfreagraíonn cuideachtaí do chumhacht tomhaltóirí. “Thug The Body Shop gealltanais go gcuirfeadh sé deireadh de réir a chéile le micreachoirníní a bheith á n-úsáid i dtáirgí cosmaide,” ar seisean.

Deir an Dr Firth go dtabharfar faoi shuirbhéanna i gcomhar le “Bithbhlitz” bliantúil an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta i nDoire Fhionáin, Co. Chiarraí.

© 2014 irishtimes.com

**Alt Uimhir 2:**

**Moltar dóibh siúd a dhéanann bolg le gréin dul i ngleic le fadhb an bhruscair ar thránna**

**Arna scríobh ag Caroline Crawford, Twitter, don Irish Independent an 21 Meitheamh 2014**

Ós rud é go bhfuil na mílte duine ar tí dul chuig tránna agus chuig línte cósta timpeall na tíre ag an deireadh seachtaine seo, tá moladh á thabhairt ag An Taisce do dhaoine páirt a ghlacadh i nglantachán trá dhá nóiméad.

Bailíodh breis agus leathmhilliún píosa bruscair as líne chósta na hÉireann anuraidh. Ba iad gníomhaíochtaí bunaithe ar thalamh ba chúis le 80 faoin gcéad den bhruscar. D'eagraigh grúpaí glantacháin 700 glantachán ar fud na bliana agus baineadh méid ollmhór bruscair den líne chósta dá bharr.

Dúirt Annabel FitzGerald, Bainisteoir Clár Cósta An Taisce, go bhféadfadh fíormhéid an bhruscair a bailíodh as an líne chósta bheith i bhfad níos airde fós.

“Anuraidh, eagraíodh 700 glantachán cláraithe ar fud na bliana agus is dócha go raibh i bhfad níos mó fós ar siúl. Agus bhaineamar pas beag níos mó ná leathmhilliún mír bhruscair mhara den líne chósta - méid an-suntasach a bhí ann”.

“Ní chuirtear san áireamh ansin an obair a dhéanann eagraíochtaí neamhrialtasacha eile sa limistéar seo, áfach. Tá a fhios agam go ndéanann Faire Cósta na hÉireann suirbhéanna ar bhruscar mara agus suirbhéanna éiceolaíochta”.

“Dá gcuirfí na glantacháin sin leis, táim cinnte go mbeimis ag baint méideanna i bhfad níos mó ná leathmhilliún mír bhruscair,” ar sise.

Chuir sí in iúl arís gurb iad gníomhaíochtaí bunaithe ar thalamh is cúis le 80 faoin gcéad den bhruscar a fhaightear ar an líne chósta. Bruscar áineasa, buidéil, bruscar atá bainteach leis an iascaireacht agus smionagar atá bainteach le camras is ea formhór mór an bhruscair.

“Faighimid a lán bruscar iascaireachta, píosaí de líontáin téide agus boscaí iascaireachta a tháinig i dtír.

**Smionagar**

“Chomh maith leis sin, faighimid a lán smionagair atá bainteach le camras, nithe amhail baitíní cadáis, táirgí sláintíocha, nithe a shruthlaíonn daoine síos an leithreas ar chóir dóibh iad a dhiúscairt i gceart,” ar sise.

Is mian leis an gcomhlacht anois go nglacfaidh níos mó daoine páirt i nglantachán trá dhá nóiméad chun feasacht ar an bhfadhb mhéadaitheach a spreagadh.

“Smaoineamh an-simplí an-chliste atá ann,” arsa Iníon FitzGerald. Agus í ag labhairt ag cruinniú de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil i nGaillimh le déanaí, mhol sí do dhaoine a théann chuig an trá dhá nóiméad a chaitheamh ag tógáil bruscair, grianghraf a ghlacadh de ar a bhfón póca agus é a chomhroinnt ar Facebook agus ar Twitter i dteannta na haischlibe #twominutebeachclean.

“Go bunúsach, is dóigh iontach é chun iarraidh ar dhaoine páirt a ghlacadh i nglantacháin trá. Is le haghaidh feasacht a spreagadh ar bhruscar na mara atá sé agus tá sé ag cruthú braistint freagrachta as an imshaol i measc gach duine againn”.

“Sílím gurb é ceann de na rudaí a d’aimsíomar anseo ná go bhfuil iontas ar dhaoine faoin méid bruscair is féidir leo a bhailiú laistigh de dhá nóiméad. Dá bhrí sin, bí páirteach ann, le do thoil - an chéad uair eile a bheidh tú ag an trá ar cibé cúis, tóg cúpla píosa,” ar sise.

©Irish Independent

### **Alt Uimhir 3:**

#### **Caitheann an fharraige an bruscar ar ais chugainn**

#### **Arna scríobh ag Donal Hickey don Irish Examiner an 13 Eanáir 2014**

Ní hé amháin go ndearna stoirmeacha le déanaí agus borrthaí móra taighde damáiste don líne chósta, thug siad méid millteanach dramhaíola i dtír freisin, rud a léiríonn an dumpáil mhórsála a tharlaíonn ar farraige.

I siúlóid tar éis na stoirme faoi líne chladaigh san oirdheisceart an tseachtain seo, nochtadh ábhair chaite éagsúla. Ábhair phlaisteacha a bhí iontu den chuid ba mhó ach chuimsigh siad píosaí de líontáin iascaireachta, buataisí báistí, coimeádáin, uirlisí bia, buidéal agus cuid mhór eile freisin.

Ní hé amháin go gcaitear na nithe sin thar bord ó shoithí ar farraige, téann bruscar ó fhoinsí talún isteach i séaraigh, i sruthanna agus in aibhneacha agus ar aghaidh isteach san fharraige freisin, rud is cúis le bagairtí breise d'éisc agus don mhuirthimpeallacht ghinearálta.

De réir an tsuímh Ghréasáin Irish Environment, is ionann trealamh iascaireachta caite agus 10% de dhramhaíl na mara. Slogann éisc, éin agus ainmhithe farraige eile píosaí bruscair a fhéadann iad a mharú sa deireadh. Ar domhan, tuairiscíodh go bhfuil bruscar na mara á ionghabháil ag 43% ar a laghad de speicis chéiticeach (ar nós míolta móra agus deilfeanna), ag gach speiceas turtar mara, ag thart ar 36% de speicis éan mara an domhain agus ag an-chuid speicis éisc. Ar ndóigh, is gá costas a thabú le glantachán trá, le cailteanas turasóireachta de bharr trána agus cóstaí atá faoi bhruscar, le liáin loinge shalaithe agus le trealamh iascaireachta damáistithe.

Fadhb bhreise is ea go bhféadann plaisteach fanacht san imshaol ar feadh na gcéadta bliain agus, in ionad lobhadh agus dul as radharc fearacht cineálacha eile dramhaíola, bristear anuas go páirteach é le solas na gréine isteach i gcáithníní bídeacha.

Déantar an bruscar sin ar fad agus cáithníní plaistigh beaga a chruinniú le chéile agus a bhogadh thart le sruthanna aigéin. Sa deireadh, cruthaíonn siad “paistí” móra de dhramhaíl phlaisteach. Is ionann méid paiste amháin díobh sin san Aigéan Ciúin, beagnach, agus méid na hEorpa, de réir Irish Environment.

Éiríonn speicis mhara i bhfostú nó sáinnithe in ábhair phlaisteacha agus ionghabhann siad na cáithníní bídeacha. Léirítear na nithe seo a leanas i staidéir: chuathas i bhfeidhm ar 52 speiceas de mhamaigh farraige, maraíodh milliún éan farraige, scriosadh gnáthóga ar an gcósta agus plúchadh grinnill farraige. Is féidir dul i bhfeidhm ar shláinte an duine nuair a itheann daoine cineálacha éisc a d'ith cáithníní bídeacha plaistigh ola-bhunaithe. Níl ach 21% de phlaisteach á athchúrsáil san AE. Cuirtear an chuid is mó eile i líonadh talún nó fágtair í ar thalamh ónar féidir léi dul isteach san fharraige.

I dtuarascáil a d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in 2012, pléitear leis an mhuirthimpeallacht mar “shaincheist éiritheach” mar aon le fraiceáil agus le leagáid an Tíogair Cheiltigh. Laistigh den mhuirthimpeallacht, luaitear bruscar na mara mar cheann amháin de na saincheisteanna is práinní, i dteannta ró-iascaireachta.

Deir Irish Environment go bhféadann an AE agus ár rialtas dul i mbun beart díreach chun a chinntiú go ndéanfar plaistigh a athchúrsáil ach d'fhéadfadh gur dúshlán níos deacra í an

## Explorers Education Programme



tsaincheist a bhaineann leis an dramhaíl ar farraige.  
© Irish Examiner Ltd. Gach ceart ar cosaint